Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Feabhra 2022
(OR. en)

5943/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0030(COD)**

| | |
|---|---|
| **COVID-19 31** | **TRANS 60** |
| **JAI 133** | **COCON 14** |
| **POLGEN 12** | **COMIX 60** |
| **FRONT 51** | **SCHENGEN 10** |
| **FREMP 25** | **AVIATION 25** |
| **IPCR 18** | **PHARM 17** |
| **VISA 21** | **RELEX 131** |
| **MI 85** | **TOUR 9** |
| **SAN 67** | **CODEC 119** |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 55 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/954 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID an Aontais) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó ina gcónaí go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 55 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 55 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.2.2022
COM(2022) 55 final

2022/0030 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/954 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID an Aontais) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo. i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó ina gcónaí go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19.**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen[1] a chur chun feidhme, féadfaidh náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu go dleathach i mBallstát nó atá ag fanacht go dleathach ann taisteal faoi shaoirse laistigh de chríocha na mBallstát eile, chomh fada agus go gcomhlíonann siad coinníollacha áirithe. Dá bhrí sin, an beartas a d'fhorbair an tAontas lena n-áirithítear nach mbíonn aon rialú ar dhaoine agus iad ag trasnú na dteorainneacha inmheánacha, ní hé amháin go dtéann an beartas sin chun tairbhe do shaoránaigh den Aontais ach téann sé chun tairbhe do náisiúnaigh tríú tír freisin a bhfuil sé de cheart acu taisteal a dhéanamh san Aontas. Mar sin féin, bhí tionchar ar fheidhmiú an chirt sin ag roinnt de na srianta a ghlac na Ballstáit chun leathadh ghéarshiondróm trom riospráide choróinvíreas 2 ('SARS-CoV-2') a theorannú, rud is cúis le galar choróinvíreas 2019 ('COVID-19'). Is éard a bhí sna bearta sin go minic, srianta ar dhul isteach nó ceanglais shonracha eile is infheidhme maidir le taistealaithe trasteorann, amhail coraintín nó féinleithlisiú a dhéanamh nó tástáil ionfhabhtú SARS-CoV-2 a dhéanamh roimh theacht isteach dóibh agus/nó ina dhiaidh.

Chun saorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, an 14 Meitheamh 2021, Rialachán (AE) 2021/953[2] bunaithe ar Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena mbunaítear creat maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo. Le Rialachán (AE) 2021/953 éascaítear saorghluaiseacht trí dheimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 a nglactar go frithpháirteach leo i ndáil le vacsaíniú , tástáil agus téarnamh a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais agus dá mbaill teaghlaigh, a d'fhéadfadh a bheith ina náisiúnaigh tríú tír, ar deimhnithe iad is ar féidir leo a úsáid agus iad ag taisteal. I gcás ina dtarscaoilfidh na Ballstáit srianta áirithe ar shaorghluaiseacht do dhaoine a bhfuil cruthúnas ar vacsaíniú, ar thástáil nó ar théarnamh acu, cuidíonn Deimhniú Digiteach COVID an Aontais le saoránaigh tairbhe a bhaint as na díolúintí sin.

An lá céanna, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/954[3] bunaithe ar Airteagal 77 CFAE, chun taisteal laistigh de Limistéar Schengen a éascú le linn phaindéim COVID-19, lena leathnaítear an creat maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais d'fhonn náisiúnaigh tríú tír a chumhdach atá ag fanacht go dleathach nó ina gcónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

Ina theannta sin, is léir gurb é córas Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais an t-aon chóras deimhnithe COVID-19 atá i bhfeidhm ar an leibhéal idirnáisiúnta ar mhórscála. Mar thoradh air sin, tá tábhacht dhomhanda níos mó ag baint le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais agus chuidigh sé aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim ar an leibhéal idirnáisiúnta, trí thaisteal

[1] IO L 239, 22.9.2000, lch. 19.

[2] Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID an Aontais) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 (IO L 211, 15.6.2021, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

sábháilte idirnáisiúnta agus téarnamh idirnáisiúnta a éascú. Faoin 31 Eanáir 2022, tá na trí thír de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch nach bhfuil san Aontas Eorpach[4], an Eilvéis[5] agus 29 tríú tír agus críoch[6] eile nasctha le córas Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais, agus táthar ag súil go dtiocfaidh tuilleadh isteach ann amach anseo. Aithníodh córas Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais mar cheann de na príomhréitigh dhigiteacha chun an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta a athbhunú[7], agus spreag an Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta na tíortha chun Deimhniú Digiteach COVID an Aontais a ghlacadh mar an caighdeán domhanda[8]. Leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí tacú le tríú tíortha ar spéis leo córais idir-inoibritheacha deimhnithe COVID-19 a fhorbairt. D'fhéadfaí a áireamh leis sin réitigh thagartha foinse oscailte bhreise a chur ar fáil lenar féidir deimhnithe tríú tír a thiontú i bhformáid atá idir-inoibritheach le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, mar gur féidir tríú tíortha a nascadh freisin a ndéantar a ndeimhnithe idir-inoibritheach trí bhíthin tiontúcháin[9].

Ón uair a glacadh é, cuireadh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais i bhfeidhm go rathúil ar fud an Aontais, agus eisíodh níos mó ná billiún teastas faoi dheireadh 2021. Dá bhrí sin, is uirlis é Deimhniú Digiteach COVID an Aontais atá ar fáil go forleathan agus a nglactar go hiontaofa leis ní hamháin chun saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh a éascú, ach freisin chun taisteal laistigh den Aontas a éascú le linn phaindéim COVID-19 do na catagóirí de náisiúnaigh tríú tír a luaitear thuas.

Ó glacadh Rialachán (AE) 2021/953 agus Rialachán (AE) 2021/954, tá forbairt mhór tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch maidir le paindéim COVID-19. Ar thaobh amháin, tá méadú tagtha ar ghlacadh vacsaíní, lena n-áirítear teanndáileoga, ar fud an domhain.

Ar an taobh eile, tháinig méaduithe suntasacha ar líon na n-ionfhabhtuithe, an ospidéalaithe agus na mbásanna de bharr leathadh athraitheach SARS-CoV-2 ar a dtugtar 'Delta' le linn an dara leath de 2021, rud a chuir de cheangal ar na Ballstáit dianbhearta sláinte poiblí a ghlacadh mar chuid d'iarracht acmhainneacht an chórais cúraim sláinte a chosaint. Go luath in 2022, tháinig méadú mór ar líon na gcásanna COVID-19 mar thoradh ar 'Omicron', athraitheach SARS-CoV-2 ar díol imní é a tháinig in ionad 'Delta' go gasta agus a bhain amach déine nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe maidir le tarchur comhphobail ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin.

Faoi láthair, ní féidir an tionchar a bheadh ag méadú féideartha ar ionfhabhtuithe sa dara leath de 2022 a thuar. Ina theannta sin, ní féidir a chur as an áireamh an fhéidearthacht go rachaidh staid na paindéime in olcas mar gheall ar theacht chun cinn athraitheach nua SARS-CoV-2 ar díol imní iad.

I bhfianaise an méid thuas, ní féidir a eisiamh go leanfaidh na Ballstáit de cheangal a chur ar náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch

---

4 An Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

5 Tá cearta frithpháirteacha dul isteach agus cónaithe ag saoránaigh den Aontas agus ag náisiúnaigh de chuid na hEilvéise ar bhonn an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine (IO L 114, 30.4.2002, lch. 6).

6 https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/coronavirus-response/safe-covid-19-vaccines-europeans/eu-digital-covid-certificate_ga

7 https://wttc.org/News-Article/WTTC-identifies-digital-solutions-for-governments-worldwide-to-significantly-restore-international-mobility

8 https://www.iata.org/en/pressroom/2021-releases/2021-08-26-01/

9 Trí bhíthin gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953.

Ballstáit agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, cruthúnas ar vacsaíniú COVID-19, tástáil nó téarnamh a thíolacadh tar éis an 30 Meitheamh 2022, is é sin, an dáta atá Rialachán (AE) 2021/953 agus Rialachán 2021/954 le dul in éag faoi láthair. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a chinntiú go bhféadfar leas a bhaint as Deimhnithe Digiteacha COVID an Aontais tar éis an dáta sin.

Ag an am céanna, ós rud é gur cheart deireadh a chur le haon srianta ar shaorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú, lena n-áirítear an ceanglas Deimhnithe Digiteacha COVID an Aontais a thaispeáint, a luaithe is féidir sin i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche, trí Rialachán (AE) 2021/954 a leasú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tagairtí atá ann cheana do Rialachán (AE) 2021/953 a choimeád agus tagairt dhinimiciúil a dhéanamh don Rialachán céanna maidir le ré feidhme Rialachán (AE) 2021/954.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo gan dochar do rialacha Schengen maidir leis na coinníollacha i ndáil le dul isteach le haghaidh náisiúnaigh tríú tír. Níor cheart an tuiscint a bhaint as an Rialachán atá beartaithe, ar aon slí, gur Rialachán é lena spreagtar nó lena n-éascaítear athbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, rud nach mór a bheith ina rogha dheiridh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/399 ('Cód Teorainneacha Schengen'). [10]

Ina thogra le haghaidh Moladh ón gComhairle lena leasaítear Moladh (AE) 2020/912 maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin[11], mhol an Coimisiún nasc soiléir a bhunú idir Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle agus Deimhniú Digiteach COVID an Aontais chun cabhrú le húdaráis na mBallstát barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha a fhíorú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is cuid den tsraith de bhearta an Aontais é an togra seo chun freagairt do phaindéim COVID-19. Tógann sé, go háirithe, ar an obair a rinneadh sa Choiste Slándála Sláinte, sa Líonra rShláinte, agus sa Choiste um Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais.

Comhlánaíonn an togra seo togra COM(2022) 50 final, a fhéachann le síneadh a chur le ré feidhme Rialachán (AE) 2021/953 maidir le creat le haghaidh eisiúint, fíorú agus glacadh deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID an Aontais) chun saorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19.

Leis an togra seo, urramaítear go hiomlán inniúlachtaí na mBallstát maidir lena mbeartas sláinte a shainiú (Airteagal 168 CFAE).

Tá an togra seo comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir le hinimirce náisiúnach tríú tír.

---

[10] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

[11] COM(2021) 754 final.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Sonraítear in Airteagal 77(2), pointe (c) CFAE go leagfaidh an tAontas amach na coinníollacha faoina mbeidh an tsaoirse chun taistil laistigh den Aontas ar feadh gearrthréimhse ag náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach san Aontas nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ann. Tá feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach.

Leis an togra, leasófaí Rialachán (AE) 2021/954, atá bunaithe freisin ar Airteagal 77(2), pointe (c) CFAE.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra seo, eadhon cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/954 a leathnú, a bhaint amach go neamhspleách. Dá bhrí sin, tá gá le beart ar leibhéal an Aontais.

Mura ngníomhófaí ar leibhéal an Aontais, scoirfí d'fheidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2021/954 agus mar thoradh air sin ní bheadh náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Bhallstát AE/LEE agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais in ann deimhniú idir-inoibritheach COVID-19 maidir le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh a iarraidh agus a úsáid ina dhiaidh sin.

- **Comhréireacht**

Is féidir le gníomhaíocht an Aontais luach suntasach a chur leis an iarracht dul i ngleic leis na dúshláin a shainaithnítear thuas agus is é sin an t-aon bhealach amháin inar féidir aonair maidir le deimhniú COVID atá cuíchóirithe agus a bhfuil glacadh leis a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.

Trí bhearta aontaobhacha nó neamhchomhordaithe a ghlacadh maidir le deimhnithe sláinte COVID-19, d'fhéadfaí bearta a bheith ann lena dteorannófaí an deis atá ag náisiúnaigh tríú tír atá i dteideal taisteal laistigh den Aontas tabhairt faoi thaisteal den sórt sin.

Ba cheart feidhm a bheith ag an leasú atá beartaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953, mar a mholtar é a leasú le togra COM(2022) 50 final, agus, dá bhrí sin, ceadaítear leis síneadh a chur le húsáid Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais ar feadh tréimhse teoranta ama i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí nó ag fanacht go dleathach san Aontas agus atá i dteideal taisteal laistigh den Aontas.

- **An rogha ionstraime**

Le rialachán áirithítear go gcuirfear dlí an Aontais chun feidhme sna Ballstáit uile ar bhealach díreach láithreach coiteann.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear san áireamh sa togra an plé a rinneadh go tráthrialta le húdaráis na mBallstát i bhfóraim éagsúla.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuireann an togra leis an bhfaisnéis eipidéimeolaíoch agus leis na measúnuithe eipidéimeolaíocha arna soláthar ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), an measúnú ar shábháilteacht, éifeachtacht agus cáilíocht vacsaíní COVID-19 arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), na malartuithe teicniúla a dhéantar laistigh den Choiste Slándála Sláinte, a ghrúpa oibre teicniúil maidir le tástálacha diagnóiseacha COVID-19 agus an Líonra rShláinte, chomh maith leis an bhfianaise eolaíoch ábhartha atá ar fáil.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise na práinne a bhaineann leis an togra, ní dhearna an Coimisiún measúnú tionchair.

- **Cearta bunúsacha**

Tá próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis an togra seo, lena n-áirítear sonraí sláinte. Tá tionchair ionchasacha ann ar chearta bunúsacha daoine aonair, eadhon Airteagal 7 den Chairt maidir le hurraim ar an saol príobháideach agus Airteagal 8 maidir leis an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint. Próiseáil sonraí pearsanta daoine aonair, lena n-áirítear bailiú, rochtain agus úsáid sonraí pearsanta, bíonn tionchar ag an bpróiseáil sin ar an gceart chun príobháideachais agus ar an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint. Ní mór údar cuí a bheith leis chun cur isteach ar na cearta bunúsacha sin.

Maidir leis an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear slándáil sonraí, leanann Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] d'fheidhm a bheith aige. Níl aon mhaolú ar chóras cosanta sonraí an Aontais beartaithe agus ní mór do na Ballstáit rialacha soiléire, coinníollacha agus coimircí daingne a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cumhdófar maoiniú na ngníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an tionscnamh seo sa Ráiteas Airgeadais Reachtach arna thíolacadh leis an togra COM(2022) 50 final.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear le hAirteagal 1 den togra ré feidhme Rialachán (AE) 2021/954.

In Airteagal 2 déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm brostaithe an Rialacháin seo.

[12] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

2022/0030 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/954 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID an Aontais) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo. i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó ina gcónaí go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19.

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointe (c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi *acquis* Schengen, náisiúnaigh tríú tír a bhfuil a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas nó náisiúnaigh tríú tír a tháinig isteach go dleathach ar chríoch Ballstáit, féadfaidh siad taisteal faoi shaoirse laistigh de chríocha na mBallstát uile eile le linn thréimhse 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá[13].

(2) An 14 Meitheamh 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/953 lena mbunaítear Deimhniú Digiteach COVID an Aontais[14]. Leagtar amach sa Rialachán sin creat coiteann chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais agus a mball teaghlaigh a éascú le linn phaindéim COVID-19. Tá ag gabháil le Rialachán (AE) 2021/953 Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], lena leathnaítear an creat maidir le deimhniú digiteach COVID an Aontais chuig náisiúnaigh tríú tír a chumhdach atá ag fanacht go dleathach nó atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

---

13 Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

14 Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID an Aontais) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 (IO L 211, 15.6.2021, lch. 1).

15 I dteannta Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

(3) Rachaidh Rialachán (AE) 2021/953 agus Rialachán (AE) 2021/954 in éag an 30 Meitheamh 2022. Mar sin féin, tá an phaindéim fós ann agus tá tionchar diúltach fós ag ráig an athraithigh 'Omicron' ar díol imní é ar thaisteal laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, is ábhartha go fóill Deimhniú Digiteach COVID an Aontais agus is gá úsáid leanúnach an Deimhnithe sin a cheadú.

(4) Cuirfear 12 mhí le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/953. Ós rud é gurb é cuspóir Rialachán (AE) 2021/954 cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/953 a leathnú chun catagóirí áirithe náisiúnach tríú tír a chumhdach, ar náisiúnaigh triú tír iad atá ina gcónaí go dleathach nó ag fanacht go dleathach san Aontas, ba cheart a re feidhme a bhfeidhm a bheith nasctha go díreach le ré feidhme Rialachán (AE) 2021/953. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/954 a leasú dá réir.

(5) Níor cheart an tuiscint a bhaint as an Rialachán seo gur Rialachán é lena n-éascaítear nó lena spreagtar srianta ar an tsaorghluaiseacht mar fhreagairt ar an bpaindéim. Sa bhreis air sin, aon cheanglas le deimhnithe a fhíorú arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, níor cheart a mheas go dtugtar údar ar bith leis rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach. Ba cheart seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha a bheith ina rogha dheiridh i gcónaí, rud atá faoi réir rialacha sonracha mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/399 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Cód Teorainneacha Schengen).

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(7) Is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE[16] ón gComhairle; Dá réir sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Chun go mbeidh na Ballstáit in ann, faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/953, glacadh le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Éirinn do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó atá ina gcónaí go dleathach ar a críoch chun taisteal laistigh de chríocha na mBallstát a éascú, ba cheart d'Éirinn deimhnithe COVID-19 a eisiúint do na náisiúnaigh tríú tír sin a chomhlíonann ceanglais an chreata iontaoibhe le haghaidh Dheimhniú Digiteach COVID AE. Ba cheart d'Éirinn agus do na Ballstáit eile glacadh le deimhnithe arna n-eisiúint do náisiúnaigh tríú tír a chumhdaítear leis an Rialachán seo ar bhonn cómhalartachta.

(8) Maidir leis an mBulgáir, leis an gCipir, leis an gCróit agus leis an Rómáin, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar acquis Schengen de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

(9) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua

---

16 Cinneadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe C, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[17].

(10) Maidir leis an Eilvéis, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe C, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[18].

(11) Maidir le Lichtinstéin, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe C, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[19].

(12) I bhfianaise na práinne atá leis an staid a bhaineann le paindéim COVID-19, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaig*h.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] agus thug siad tuairim an […],

---

[17] Cinneadh ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

[18] Cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

[19] Cinneadh ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

[20] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/954:

'*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021 fad is infheidhme Rialachán (AE) 2021/953.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*